BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

‘Achomharc – Ainmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha a chosaint – Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 – Airteagail 7 agus 8 – Airteagail 49(2) agus 50(1) – Caighdeán an athbhreithnithe arna dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach ar na hiarratais maidir le hainm a chlárú mar thásc geografach – Comhroinnt inniúlachtaí idir na húdaráis náisiúnta agus an Coimisiún – Coinníollacha maidir le hainm a chlárú’

I gCás C-579/23 P,

ACHOMHARC de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 19 Meán Fómhair 2023,

Cunsorziu di i Salamaghji Corsi - Consortium des Charcutiers Corses, a bunaíodh in Borgo (an Fhrainc),

Charcuterie Fontana, a bunaíodh in Borgo,

Costa et Fils, a bunaíodh in Urtaca (An Fhrainc),

L’Aziana, a bunaíodh in Bastelica (An Fhrainc),

Charcuterie Passoni, a bunaíodh in Venzolasca (An Fhrainc),

Orezza - Charcuterie la Castagniccia, a bunaíodh in San-Giuliano (An Fhrainc),

Salaisons Réunies, a bunaíodh in Penta-di-Casinca (An Fhrainc),

Salaisons Joseph Pantaloni, a bunaíodh in Sarrola-Carcopino (An Fhrainc),

Antoine Semidei, a bunaíodh in Castellare-di-Casinca (An Fhrainc),

L’Atelu Corsu, a bunaíodh in Ajaccio (An Fhrainc),

dá ndéanann T. de Haan et V. Le Meur-Baudry, avocats, ionadaíocht,

iarratasóirí,

an páirtí eile sna himeachtaí:

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann M. Konstantinidis, C. Perrin agus B. Rechena ionadaíocht, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta de A. Arabadjiev, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, P. G. Xuereb, A. Kumin agus I. Ziemele (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 27 Meitheamh 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena n-achomharc, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfí ar neamhní breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 12 Iúil 2023, *Cunsorziu di i Salamaghji Corsi – Consortium des Charcutiers Corses agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (T-34/22, 'an breithiúnas atá faoi chonspóid', EU:T:2023:386) lenar dhiúltaigh an Chúirt sin dá gcaingean inar iarradh go ndéanfaí neamhniú i gcoinne Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1879 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2021 lena ndiúltaítear do thrí hiarratas ar chosaint ainm mar thásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 52(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 'Jambon sec de l'Île de Beauté' (ATFC), 'Lonzo de l'Île de Beauté' (ATFC), 'Coppa de l'Île de Beauté'(ATFC)] (IO 2021 L 383, lch. 1, an 'cinneadh atá faoi chonspóid').

An dlí

2 Foráiltear le haithrisí 19, 58 agus 61 de Rialachán Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO 2012 L 343, lch. 1), mar seo a leanas:

'(19) Tosaíocht eile is féidir a ghnóthú ar shlí níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais [Eorpaigh] is ea urraim chomhionann a áirithiú ar fud an Aontais do na cearta maoine intleachtúla a bhaineann le hainmneacha atá faoi chosaint san Aontas.

[...]

(58) Lena áirithiú go gcomhlíonann ainmneacha atá cláraithe ar ainmniúcháin tionscnaimh, ar thásca geografacha agus ar shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht na coinníollacha a leagtar síos leis an Rialachán seo, ba cheart d'údaráis náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann iarratais a scrúdú, faoi réir forálacha coiteanna íosta a chomhlíonadh, lena

n-áirítear nós imeachta náisiúnta freasúra. Ba cheart don Choimisiún [Eorpach], ina dhiaidh sin, iniúchadh a dhéanamh ar na hiarratais lena áirithiú nach bhfuil aon earráidí follasacha ann agus gur cuireadh dlí an Aontais agus leasanna páirtithe leasmhara lasmuigh de Bhallstát an iarratais san áireamh.

[...]

‘(61) Ba cheart an nós imeachta cláraithe d’ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, do thásca geografacha faoi chosaint agus do shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht, lena n-áirítear na tréimhsí le haghaidh grinnscrúdú agus freasúra, a ghiorrú agus a fheabhsú, go háirithe maidir le cinnteoireacht. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún freagrach as cinnteoireacht a dhéanamh i dtaca le clárú agus cúnamh á fháil aige ó na Ballstáit i gcúinsí áirithe. [...]»

3 Faoi Theideal II de Rialachán Uimh. 1151/2012, dar teideal ‘Ainmniúcháin Tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha atá faoi chosaint’, déantar foráil don mhéid seo a leanas leis an gcéad fhomhír dá Airteagal 6(3) dar teideal, ‘Nádúr cineálach, easaontais le hainmneacha cineálacha plandaí agus pórtha ainmhithe, le comhainmneacha agus le trádmharcanna’, lena bhforáiltear, faoin gcéad fhomhír dá mhír 3:

‘I gcás ainm a mholtar a chlárú agus atá comhainmneach, go hiomlán nó i bpáirt, le hainm a cláraíodh cheana sa chlár a bunaíodh faoi Airteagal 11, ní fhéadfar é a chlárú ach amháin má tá idirdhealú dóthanach i gcleachtas idir na coinníollacha úsáide áitiúla agus traidisiúnta agus cur i láthair an dara comhainm agus an t-ainm a bhí sa chlár cheana féin, ag cur san áireamh gur gá a áirithiú go gcaitear go cothrom leis na táirgeoirí lena mbaineann agus nach gcuirtear na tomhaltóirí amú.’

4 Déantar an méid seo a leanas a leagan amach in Airteagal 7(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Sonraíocht táirge’:

‘Maidir le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint, comhlíonfaidh sé sonraíocht lena n-áireofar an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) an t-ainm atá le cosaint mar ainmniúchán tionscnaimh nó mar thásc geografach, mar a úsáidtear é, bíodh sé sin sa trádáil nó sa ghnáthchaint, agus sna teangacha sin amháin a úsáidtear nó a úsáideadh san am atá thart chun tuairisc a thabhairt ar an táirge ar leith sin sa limistéar geografach sainithe;

[...]’

5 Foráiltear le hAirteagal 8(1)(b) den Rialachán sin, go háirithe, go mbeidh, in iarratas ar chlárú táisc gheografaigh, ar a laghad, an tsonraíocht táirge dá bhforáiltear in Airteagal 7.

6 Faoi Airteagal 11(1) den Rialachán sin:

‘Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, [...] chun clár ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint atá sainaitheanta faoin scéim seo a bhunú agus a choimeád ar bun, ar clár é a bheidh ar fáil go poiblí agus a nuashonrófar.’

7 Déantar an méid seo a leanas a leagan amach le hAirteagal 13 de Rialachán Uimh.1151/2012, dar teideal ‘Cosaint’:

‘(1) Déanfar ainmneacha cláraithe a chosaint ar an méid seo a leanas:

[...]

(b) aon mhí-úsáid, aon aithris nó aon tabhairt chun cuimhne, fiú má thugtar fíorthionscnamh na dtáirgí nó na seirbhísí le fios nó má aistrítear an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear slonn ar nós “stíl”, “cineál”, “modh”, “faoi mar a tháirgtear i”, “aithris” nó rud éigin dá samhail leis, lena n-áirítear nuair a úsáidtear na táirgí sin mar chomhábhar;

[...]

3. Glacfaidh na Ballstáit céimeanna iomchuí riaracháin agus breithiúnacha chun úsáid neamhdhleathach na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc tionscnaimh faoi chosaint, dá dtagraítear i mír 1, a tháirgfear nó a mhargófar sa Bhallstát sin, a chosc nó a stopadh.

Chuige sin, ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis a bheidh freagrach as na céimeanna sin a thógáil i gcomhréir le nósanna imeachta a chinnfidh gach aon Bhallstát.

Cuirfidh na húdaráis inniúla ráthaíochtaí leordhóthanacha oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta ar fáil, agus beidh an fhoireann cháilithe agus na hacmhainní is gá chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar fáil dóibh.’

8 Soiléirítear an méid seo a leanas le hAirteagal 49 den Rialachán sin, dar teideal ‘Iarratas ar ainmneacha a chlárú’:

‘[...]

2. I gcás ina mbaineann an t-iarratas faoin scéim a leagtar amach i dTeideal II le limistéar geografach i mBallstát, nó i gcás ina n-ullmhaíonn grúpa atá bunaithe i mBallstát iarratas faoin scéim a leagtar amach i dTeideal III, cuirfear an t-iarratas faoi bhráid údaráis an Bhallstáit sin.

Déanfaidh an Ballstát grinnscrúdú ar an iarratas go hiomchuí lena áirithiú go bhfuil bonn cirt cuí leis agus go gcomhlíonann sé coinníollacha na scéime a mbaineann sé léi.

3. Mar chuid den ghrinnscrúdú dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 2 den Airteagal seo, tionscnóidh an Ballstát nós imeachta náisiúnta freasúra lena n-áiritheofar poibliú leormhaith an iarratais agus lena ndéanfar a fhoráil go bhfuil tréimhse réasúnach ann faoina bhféadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige san iarratas agus atá bunaithe nó ina chónaí ar a chríoch ráiteas a thaisceadh lena ndéantar freasúra i gcoinne an iarratais.

[...]

4. Más rud é, i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar aon fhreasúra a fhaightear, go measann an Ballstát gur comhlíonadh ceanglais an Rialacháin seo, féadfaidh sé cinneadh fabhrach a dhéanamh agus sainchomhad iarratais a thaisceadh leis an gCoimisiún. Sa chás sin, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas maidir le haon fhreasúraí atá inghlactha a fhaightear ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá tar éis na táirgí i dtrácht a mhargú go dleathach, ag baint úsáide as na

hainmneacha lena mbaineann go leanúnach ar feadh cúig bliana ar a laghad roimh an dáta foilsithe dá dtagraítear i mír 3.

[...]»

9 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 50 den Rialachán sin, dar teideal 'Grinnscrúdú ag an gCoimisiún agus foilsiú le haghaidh freasúra':

'1. Déanfaidh an Coimisiún grinnscrúdú go hiomchuí ar aon iarratas a fhaightear de bhun Airteagal 49, le seiceáil go bhfuil bonn cirt cuí leis agus go gcomhlíonann sé coinníollacha na scéime lena mbaineann sé. Ní mhairfidh an grinnscrúdú sin níos faide ná 6 mhí. I gcás ina sárófar an tréimhse sin, cuirfidh an Coimisiún na cúiseanna leis an mhoill in iúl i scríbhinn don iarratasóir.

[...]

2. Más rud é, bunaithe ar an ngrinnscrúdú a dhéantar de bhun na chéad fhomhíre de mhír 1, go measann an Coimisiún gur comhalladh na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, déanfaidh sé an méid seo a leanas a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*:

(a) i gcás iarratas faoin scéim a leagtar amach i dTeideal II, an doiciméad aonair agus tagairt foilseacháin na sonraíochta táirge;

[...]'

10 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 52(1) den Rialachán sin, dar teideal 'Cinneadh faoi chlárú':

'Más rud é, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ón ngrinnscrúdú a dhéantar de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 50(1), go measann an Coimisiún nár comhalladh na coinníollacha clárúcháin, glacfaidh sé gníomhartha tarmligthe lena ndiúltófar an t-iarratas. [...]'

Cúlra na díospóide

11 Déantar achoimre mar seo a leanas ar chúlra na díospóide i míreanna 4 go 10 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid:

'4 Cláraíodh na hainmneacha "Jambon sec de Corse"/"Jambon sec de Corse - Prisuttu", "Lonzo de Corse"/"Lonzo de Corse - Lonzu" agus "Coppa de Corse"/"Coppa de Corse - Coppa di Corsica" mar ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) an 28 Bealtaine 2014, le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 581/2014 ón gCoimisiún (IO 2014 L 160, lch. 23), (AE) Uimh. 580/2014 ón gCoimisiún (IO 2014 L 160, lch. 23), (AE) Uimh. 582/2014 ón gCoimisiún (IO 2014 L 160, lch. 25) faoi seach [...].

5 I mí na Nollag 2015, thaisc [Cunsorziu di i Salamaghji Corsi – Consortium des Charcutiers Corses] seacht n-iarratas ar chlárú mar thásca geografacha faoi chosaint (TGFC) le húdaráis náisiúnta na Fraince, de bhun an Rialacháin [Rialachán Uimh.1151/2012]. Baineann na hiarratais leis na hainmneacha seo a leanas, arna n-úsáid ag na hiarratasóirí: "Jambon sec de

l'Île de Beauté", "Coppa de l'Île de Beauté", "Lonzo de l'Île de Beauté", "Saucisson sec de l'Île de Beauté", "Pancetta de l'Île de Beauté", "Figatelli de l'Île de Beauté" agus "Bulagna de l'Île de Beauté".

6 An 20 Aibreán 2018, ghlac an tAire Talmhaíochta agus Bia agus an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais seacht bhforaithne lenar formheasadh na seacht sonraíocht chomhfhreagracha d'fhonn iad a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach lena bhformheas.

7 Ag an am céanna, leis na hiarratais arna gcur isteach an 27 Meitheamh 2018 leis an gComhairle Stáit (an Chomhairle Stáit, an Fhrainc), d'iarr an cumann is sealbhóir de na sonraíochtaí le haghaidh na ATFCanna "Jambon sec de Corse - Prisuttu", "Coppa de Corse - Coppa di Corsica" agus "Lonzo de Corse - Lonzu" go gcuirfí ar neamhní foraitheanta an 20 Aibreán 2018 maidir le formheas na sonraíochtaí le haghaidh na n-ainmniúchán "Jambon sec de l'Île de Beauté", "Coppa de l'Île de Beauté" agus "Lonzo de l'Île de Beauté", d'fhonn na hiarrataí ar chlárú mar TGFC a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, ar an bhforas go raibh an téarma "Île de Beauté" ar mhúnla an téarma "Corse" nó gur thug sé é chun cuimhne agus gur tugadh isteach ábhar mearbhaill leis na hainmniúcháin atá cláraithe mar ATFC cheana féin.

8 An 17 Lúnasa 2018, cuireadh ar aghaidh na seacht n-iarratas ar chlárú na n-ainmneacha atá faoi thrácht mar TGFC chuig an gCoimisiún. Maidir leis na hiarratais ar chlárú mar TGFC de na hainmniúcháin 'Jambon sec de l'Île de Beauté', 'Lonzo de l'Île de Beauté' agus 'Coppa de l'Île deBeauté', sheol an Coimisiún dhá litir, an 12 Feabhra 2019 agus an 24 Samhain 2020 chuig na húdaráis náisiúnta ag lorg soiléirithe, go háirithe i dtaobh na ceiste an bhféadfadh sé nach bhfuil siad incháilithe le haghaidh clárú. D'fhreagair na húdaráis náisiúnta, go bunúsach, gur mheas siad gur léir go raibh an dá ghrúpa táirgí (eadhon na ATFCanna cláraithe agus na hiarratais ar chlárú mar TGFC) difriúil ó thaobh na dtáirgí de agus gur dhealraigh sé go raibh na hainmneacha sách difriúil óna chéile.

9 Le breithiúnas an 19 Nollaig 2019 maidir leis an ainm "Jambon sec de l'Île de Beauté" (TGFC) agus dhá bhreithiúnas an 13 Feabhra 2020 maidir leis na hainmneacha 'Coppa de l'Île de Beauté' (TGFC) agus 'Lonzo de l'Île de Beauté' (TGFC), dhiúltaigh an Conseil d'Etat (an Chomhairle Stáit) na trí iarratas thuasluaite (féach mír 7 thuas) ar an bhforas, go háirithe "go bhfuil úsáid téarmaí difriúla agus an difríocht sna cosaintí arna dtabhairt le hainmniúchán tionscnaimh, ar thaobh amháin, agus tásc geografach, ar an taobh eile, de chineál go n-eisiatar an riosca go gcuimhneoidh tomhaltóirí atá réasúnta eolach, géarchúiseach agus cáiréiseach, má thagann siad ar an tásc geografach faoi chosaint, mar íomhá thagartha, ar na hearraí a thagann faoin ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint atá cláraithe cheana, [mar sin] níl údar cuí ag na hiarratasóirí a rá go sáraíonn an fhoraithne atá faoi chonspóid na forálacha sin [...] d'Airteagal 13(1)(b) de Rialachán [Uimh. 1151/2012]' (mír 5 de na trí bhreithiúnas ón Conseil d'État (an Chomhairle Stáit)).

10 Leis an gcinneadh [atá faoi chonspóid], dhiúltaigh an Coimisiún do na trí iarratas ar na hainmneacha "Jambon sec de l'Île de Beauté", "Lonzo de l'Île de Beauté" agus "Coppa de l'Île de Beauté" ar an bhforas, ós rud é gur úsáideadh na hainmneacha sin de shárú ar Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012, nár chomhlíon na hiarratais sin na coinníollacha incháilitheachta chun clárú, is é sin Airteagal 7(1)(a) den Rialachán sin.'

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc

12 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 24 Eanáir 2022, thionscain na hiarratasóirí caingean, arb é is aidhm di iarratas a thaisceadh de bhun Airteagal 263 CFAE agus inar iarradh go gcuirfí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní.

13 Mar thaca lena gcaingean, d'ardaigh na hiarratasóirí dhá shaincheist dlí lena n-éilítear, ar thaobh amháin, gur sháraigh an Coimisiún a inniúlachtaí agus, ar thaobh eile, gur thaispeáin na húdaráis náisiúnta agus an Chomhairle Stáit go leordhóthanach gur chomhlíonadh Airteagail 7 agus 13 de Rialachán Uimh.1151/2012 leis na trí iarratas ar chlárú ar diúltaíodh dóibh leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

14 Ar an gcéad dul síos, tar éis di na prionsabail atá mar bhonn taca faoi chóras cosanta ATFC agus TGFC arna bhunú le Rialachán Uimh.1151/2012 a leagan amach, thar aon ní eile, i míreanna 21 go 24 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 38 den bhreithiúnas sin, gur faoin gCoimisiún atá sé, de bhun Airteagal 52(1) den Rialachán sin, clárú a dhiúltú má mheasann sé go bhfuil sé neamhdhleathach ainm de chuid iarrthóir ar chlárú a úsáid sa trádáil.

15 Ina dhiaidh sin, thug an Chúirt Ghinearálta le fios, i míreanna 42 go 44 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go raibh corrlach breithmheasa neamhspleách ag an gCoimisiún maidir le grinnscrúduithe ar iarratais ar chlárú. Chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 49 den bhreithiúnas seo, go ndearna an Coimisiún scrúdú cuimsitheach ar na hiarratais ar chlárú.

16 Ar deireadh, maidir le míreanna 51 go 60 den bhreithiúnas sin, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do na hargóintí lenar mhaígh na hiarratasóirí nach bhfuil ach corrlach breithmheasa teoranta ag an gCoimisiún, más ann dó, agus iarratas ar ainm a chlárú mar ATFC nó TGFC á scrúdú aici.

17 Ar an dara dul síos, tar éis di diúltú d'argóintí na n-iarratasóirí lena léirítear go mbeadh an Coimisiún faoi cheangal ag measúnuithe na n-údarás náisiúnta maidir leis an mbaol go dtabharfaí chun cuimhne a eascraíonn as na hainmneacha is iarrthóirí ar chlárú, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 78 go 108 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, an fhianaise ar ar a bhonn a dhiúltaigh an Coimisiún do na hiarratais atá i gceist. Tháinig sí ar an gconclúid nach ndearna an Coimisiún earráid mheasúnaithe i ndáil leis sin.

18 Dá thoradh sin, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean sin ina hiomláine.

Éilimh na bpáirtithe

19 Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní; agus

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

20 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– a ordú do na hachomharcóirí na costais a íoc.

An t-iarratas ar tharchur chuig an Mór-Dhlísheomra

21 Le doiciméad arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 23 Eanáir 2024, d'iarr na hiarratasóirí go ndéanfaí an cás seo a shannadh chuig dlísheomra méadaithe de chuid na Cúirte Breithiúnais, nó, an Mór-Dhlísheomra.

22 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús nach ndéantar foráil le foráil ar bith de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó do Rialacha Nós Imeachta na Cúirte go gcaithfí le hiarratas den sórt sin ó pháirtí sna himeachtaí, seachas Ballstát nó institiúid de chuid an Aontais, mar chuid d'achomharc. (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Iúil 2014, *Leone*, C-173/13, EU:C:2014:2090, mír 19).

23 I gcomhréir le hAirteagal 60(3) de na Rialacha Nós Imeachta, cé go bhféadfadh foirmíocht na Cúirte dár sannadh cás, ag céim ar bith den nós imeachta, iarradh ar an gCúirt an cás seo a tharchur chuig foirmíocht ina mbeidh líon níos mó Breithiúna, ach is beart é sin a ghlacann an Dlísheomra ar sannadh an cás dó, i bprionsabal, uaidh féin agus faoi shaoirse (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Iúil 2014, *Leone*, C-173/13, EU:C:2014:2090, mír 20).

24 Sa chás seo, measann an Chéad Dlísheomra den Chúirt nach bhfuil aon fhoras leis an gcás seo a tharchur chuig an Mór-Dhlísheomra.

An t-achomharc

25 Mar thaca lena n-achomharc, maíonn na hachomharcóirí ceithre shaincheist dlí. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 7 agus 13 de Rialachán Uimh. 1151/2012, sa mhéid gur cheadaigh an Chúirt Ghinearálta don Choimisiún iarratas ar chlárú a dhiúltú ar bhonn Airteagal 13 den Rialachán sin. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagail 49, 50 agus 52 den Rialachán sin sa mhéid gur cheadaigh an Chúirt Ghinearálta don Choimisiún a chumhachtaí a shárú. An tríu saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 50 den Rialachán sin, agus prionsabal ginearálta an dea-riaracháin, sa mhéid gur chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh sé de cheangal ar an gCoimisiún measúnaithe na n-údarás agus na gcúirteanna náisiúnta a chur san áireamh. An ceathrú shaincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagail 7 agus 13 de Rialachán Uimh.1151/2012 agus ar an oibleagáid atá ar an gCúirt Ghinearálta na cúiseanna ar a bhfuil a mbreithiúnais bunaithe a lua.

26 Ós rud é go maíonn na hiarratasóirí, leis an dara saincheist dlí, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na rialacha maidir le comhroinnt inniúlachtaí idir na húdaráis náisiúnta, ar thaobh amháin, agus an Coimisiún, ar thaobh eile, faoi chuimsiú scrúdú ar na hiarratais maidir le clárú na n-ainmneacha mar TGFC, is ceart aghaidh a thabhairt ar an saincheist sin roimh rialú a thabhairt ar an gcéad, an tríú agus an ceathrú saincheist maidir le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha is gá le haghaidh clárú den sórt sin.

An dara saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

27 Leis an dara saincheist dlí, maíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, trína mheas, i mír 44 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nár sháraigh an Coimisiún teorainneacha a inniúlachta faoi Rialachán Uimh. 1151/2012. Dar leis na hiarratasóirí, i bhfianaise na rialacha maidir le comhroinnt inniúlachtaí idir an institiúid sin agus na húdaráis náisiúnta, mar a bhunaítear le hAirteagal 49(2) agus Airteagal 50(1) den Rialachán sin, bheadh inniúlacht an Choimisiúin teoranta, contrártha leis an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 50 go 61 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, chun a fhíorú gur sheol na húdaráis náisiúnta comhaid iomlána chuici gan earráidí follasacha measúnaithe a dhéanamh ar na coinníollacha incháilitheachta do na hainmneacha a chumhdaítear leis na hiarratais sin. Mar sin féin, níl an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar forais den sórt sin.

28 In aon chás, ní faoin gCoimisiún atá sé a mheasúnú a chur in ionad mheasúnú na n-údarás náisiúnta, *a fortiori* i gcás inar dhiúltaigh cúirt náisiúnta cheana féin, de bhua cinneadh críochnaitheach, don fhoras diúltaithe ar a raibh an institiúid sin ag brath.

29 Cuireann an Coimisiún i gcoinne na hargóinte sin.

Measúnú na Cúirte

30 Ar an gcéad dul síos, de bharr fhoclaíocht Airteagal 49(2) de Rialachán Uimh. 1151/2012, i gcás ina mbaineann iarratas ar ainm a chlárú mar TGFC le limistéar geografach i mBallstát, seolfar an t-iarratas chuig údaráis an Bhallstáit sin, a dhéanfar grinnscrúdú ar an iarratas ‘go hiomchuí’ le seiceáil go bhfuil bonn cirt cuí leis agus go gcomhlíonann sé na coinníollacha maidir le clárú dá bhforáiltear sa Rialachán sin. Ní mór go dtionscnóidh an Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 49(3) den Rialachán sin, nós imeachta náisiúnta freasúra lena n-áiritheofar go bhfoilseofar go leordhóthanach an t-iarratas agus lena bhforáiltear go bhfuil tréimhse réasúnach ann faoina bhféadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige san iarratas agus atá bunaithe nó ina chónaí ar a chríoch, ráiteas a thaisceadh lena ndéantar freasúra i gcoinne an iarratais.

31 Tar éis grinnscrúdú a dhéanamh ar inghlacthacht na ráiteas agóide a fuarthas, i gcás ina measann an Ballstáit go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialachán Uimh. 1151/2012, féadfaidh an Ballstát sin, de bhun Airteagal 49(4) den Rialachán sin, cinneadh fabhrach a dhéanamh lena n-áirítear go ndéanfaí an cinneadh sin a fhoilsiú agus go mbeidh deis ag aon duine a bhfuil leas dlisteanach aige achomharc a thaisceadh. Ag deireadh na céime náisiúnta sin, cuirfidh an Ballstát sin comhad iarratais faoi bhráid an Choimisiúin agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi na freasúraí inghlactha.

32 De bhun Airteagal 50(1) de Rialachán Uimh. 1151/2012, déanfaidh an Coimisiún grinnscrúdú ‘go hiomchuí’ ar aon iarratas a fhaightear de bhun Airteagal 49 den Rialachán sin, le seiceáil go bhfuil bonn cirt cuí leis agus go gcomhlíonann sé na coinníollacha maidir le clárú an ainm iarrtha.

33 Leanann sé ón méid sin go mbunaítear le forálacha Rialachán Uimh. 1151/2012 córas comhroinnt inniúlachtaí, ar dá réir nach féidir leis an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh chun ainm a chlárú mar ATFC nó mar TGFC ach amháin más rud é gur chuir an Ballstát lena mbaineann iarratas faoina

bhráid chuige sin, ar iarratas é nach mór do na húdaráis sin a fhíorú go bhfuil údar cuí leis agus go gcomhlíonann sé na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos leis an Rialachán sin. (féach, de réir analaí, breithiúnas an 6 Nollaig 2001, *Carl Kühne agus páirtithe eile*, C-269/99, EU:C:2001:659, mír 53). Is sa chomhthéacs sin a thug an Chúirt faoi deara i mír 36 de bhreithiúnas an 29 Eanáir 2020, *GAEC Jeanningros* (C-785/18, EU:C:2020:46), go bhfuil an cinneadh maidir le clárú ón gCoimisiún faoi réir réamhchinnidh arna ghlacadh ag na húdaráis náisiúnta inniúil maidir leis an iarratas ar chlárú.

34 Ina theannta sin, cé gur chinn an Chúirt cheana féin go bhféadfaidh an Coimisiún a measúnú a bhunú ar an measúnú a rinne na húdaráis náisiúnta roimhe sin i gcás nach bhfuil an measúnú sin curtha ó bhail mar gheall ar earráid fhollasach, (féach, de réir analaí, breithiúnais an 6 Nollaig 2001, *Carl Kühne agus páirtithe eile*, C-269/99, EU:C:2001:659, mír 60 agus an 2 Iúil 2009, *Bavaria agus Bavaria Italia*, C-343/07, EU:C:2009:415, míreanna 90, 93 agus 99), níor rialaigh sí go mbeadh an institiúid sin faoi cheangal ag measúnú na n-údarás sin maidir le, *inter alia*, comhoiriúnacht an ainm atá i gceist le dlí an Aontais.

35 I ndáil leis sin, i gcomhthéacs an roinnt inniúlachtaí sin, ní mór a thabhairt faoi deara, ar thaobh amháin, go sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 49(2) de Rialachán Uimh. 1151/2012 agus i bhfoclaíocht Airteagal 50(1) den Rialachán sin nach mór do na húdaráis náisiúnta agus don Choimisiún araon grinnscrúdú a dhéanamh ar na hiarratais ar chlárú ‘go hiomchuí’. Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 43 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, a mhéid a bhaineann le hAirteagal 50(1) den Rialachán sin, ní shainmhínítear leis an bhforáil sin an coincheap ‘go hiomchuí’ ach fágtar leis an bhforáil sin faoin gCoimisiún cineál agus méid na bpléadálacha sin a mheas, ionas nach féidir leis na hachomharcóirí a éileamh go bhfuil an grinnscrúdú a rinne na húdaráis náisiúnta faoi Airteagal 49(2) den Rialachán sin ina cheangal ar an gCoimisiún.

36 Ar thaobh eile, tugtar le fios le hAirteagal 50(1) de Rialachán Uimh.1151/2012 go bhfuil bunús maith leis na hiarratais ar chlárú agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha a cheanglaítear leis an Rialachán sin.

37 Ní léir ar bhealach ar bith ón bhforáil sin go bhfuil an scrúdú a dhéanann an Coimisiún ar na coinníollacha clárúcháin teoranta ar bhealach ar bith leis an gcéad scrúdú a rinne na húdaráis náisiúnta.

38 Dá thoradh sin, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta chomh maith, a mheas, i mír 44 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach bhfuil an Coimisiún faoi cheangal ag measúnú na n-údarás náisiúnta agus, a mhéid a bhaineann lena chinneadh ainm a chlárú mar ATFC, go bhfuil corrlach breithmheasa neamhspleách aige. Mar sin, mar is léir ó mhír 59 den bhreithiúnas seo, maidir leis an gcorrlach breithmheasa sin, nach bhfuil sé ‘teoranta, más ann dó ar chor ar bith’ ach amháin maidir le measúnú ar dhlíthiúlacht na ndoiciméad i gcomhad an iarratais ar chlárú arna mbailiú ag na húdaráis náisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Eanáir 2020, *GAEC Jeanningros*, C-785/18, EU:C:2020:46, míreanna 25, 26 agus 36).

39 Ar an dara dul síos, treisítear lánrogha uathrialach sin de chuid an Choimisiúin, ar thaobh amháin, le léamh aithris 19 de Rialachán Uimh. 1151/2012 ina luaitear gur cuspóir tosaíochta é comhlíonadh aonfhoirmeach na gceart maoine intleachtúla atá nasctha le hainmneacha a chosnaítear san Aontas Eorpach a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh, ar cuspóir tosaíochta é is féidir a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais. Mar sin, mar a mheabhraíonn an tAbhcóide Ginearálta i mír 63 dá Thuairim, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún, agus an cuspóir sin á chomhlíonadh aige, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na

gcoinníollacha maidir le clárú a áirithiú, ionas, in éagmais lánrogha neamhspleách ina leith sin, nach bhfuil an Coimisiún in ann cosc a chur ar na coinníollacha clárúcháin sin a chur i bhfeidhm ar bhealach éagsúil sna Ballstáit.

40 Ar thaobh eile, soiléirítear le haithris 58 de Rialachán Uimh. 1151/2012 gurb iad na húdaráis náisiúnta a dhéanann an scrúdú ar na hiarratais, i gcomhréir leis na forálacha coiteanna íosta lena n-áirítear nós imeachta freasúra náisiúnta. Dar leis an aithris céanna, ba cheart don Choimisiún, ina dhiaidh sin, 'iniúchadh a dhéanamh ar na hiarratais lena áirithiú nach bhfuil aon earráidí follasacha ann agus gur cuireadh dlí an Aontais agus leasanna páirtithe leasmhara lasmuigh de Bhallstát an iarratais san áireamh.'

41 Mar sin féin, más rud é nach mór do na hiarratais maidir le clárú ón gCoimisiún a bheith teoranta, mar a mhaíonn na hiarratasóirí, fíorú go bhfuil na comhaid iomlánach agus seiceáil nach bhfuil aon earráidí follasacha san iarratas, ní bheadh an institiúid sin in ann an 'iniúchadh' a dhéanamh dá bhforáiltear in aithris 58 de Rialachán Uimh. 1151/2012. I gcomhthéacs an ghrinnscrúdaithe sin, ní féidir cosc a chur ar an gCoimisiún fíorú an gcomhlíonann an t-iarratas sin na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos leis an Rialachán sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(1) den Rialachán sin. Tacaítear leis sin tábhacht a bhaineann le foclaíocht na haithrise sin do chomhlíonadh na n-íoscheanglas coiteann a eascraíonn go háirithe as an Rialachán sin leis an iarratas ar chlárú agus leis na húdaráis náisiúnta araon.

42 Thairis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, de bhun aithris 61 den Rialachán sin, nach mór go mbeadh an Coimisiún freagrach as cinneadh maidir le clárú a ghlacadh. Mar sin féin, ní féidir leis an institiúid sin freagracht chríochnaitheach a ghlacadh as cinneadh a dhéanamh maidir le clárú ach amháin má tá lánrogha uathrialach aici, gan bheith faoi cheangal ag toradh an réamhscrúdaithe ar na coinníollacha maidir le clárú arna dhéanamh ag na húdaráis náisiúnta.

43 Dá bhrí sin, ní dhearna an Coimisiún earráid dlí trína chinneadh, i mír 44 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nár sháraigh an Coimisiún teorainneacha a inniúlachta nuair a d'fhíoraigh sé, de bhun Airteagal 50 de Rialachán Uimh. 1151/2012, ar comhlíonadh na coinníollacha maidir le clárú.

44 Ina theannta sin, mheas an Chúirt Ghinearálta, áfach, i míreanna 63 agus 64 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, i gcás ina bhfuil lánrogha neamhspleách ag an gCoimisiún, nach féidir sárú ar chinneadh críochnaitheach ó chúirt náisiúnta d'fhonn measúnú an Choimisiúin a thabhairt faoi cheist.

45 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara saincheist dlí toisc nach bhfuil bunús léi.

An chéad saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

46 Leis an gcéad saincheist dlí, maíonn na hachomharcóirí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, trína chinneadh go bhféadfadh le hAirteagal 13(1)(b) de Rialachán Uimh. 1151/2012 a bheith mar bhonn do chinneadh maidir le clárú ón gCoimisiún a dhiúltú.

47 Ar an gcéad dul síos, mheas an Chúirt Ghinearálta, i mír 35 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go bhfuil an Coimisiún inniúil chun a fhíorú go bhfuil ann do shárú ar chosaint ar na hainmneacha a chláraítear i gcoinne aon tagairt dá bhforáiltear in Airteagal 13(1)(b) de Rialachán Uimh.1151/2012, anneoin gur fágadh an inniúlacht sin do na Ballstáit le hAirteagal 13(3) den Rialachán sin.

48 Ar an dara dul síos, trí dhul ar aghaidh ar an mbealach sin, chuir an Chúirt Ghinearálta go mór leis na coinníollacha incháilitheachta chun clárú dá bhforáiltear le hAirteagal 7 den Rialachán sin, trí scrúdú mícheart a dhéanamh ar an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 13(1)(b) den Rialachán sin, eadhon nach sáraíonn an t-ainm a n-iarrtar clárú mar TGFC ina leith cosaint i gcoinne tabhairt chun cuimhne.

49 Ar an tríú dul síos, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 38 agus 39 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ach ráiteas mícheart an Coimisiúin a bhailíochtú ar dá réir a bhí úsáid na n-ainmneacha lena mbaineann sa trádáil neamhdhleathach, ainneoin nach mbeadh an fhaisnéis is gá ag an institiúid sin lena gceadaítear dó measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha ina mhargaítear na táirgí lena mbaineann na hainmneacha sin. Bheadh mar thoradh ar an earráid dlí arna déanamh ag an gCoimisiún, thairis sin, cosc a chur ar aon chomhmhaireachtáil idir ATFC agus TGFC.

50 Cuireann an Coimisiún i gcoinne na hargóinte sin.

Measúnú na Cúirte

51 I gcomhréir le hAirteagal 13(1)(b) de Rialachán Uimh. 1151/2012, déantar na hainmneacha cláraithe a chosaint ar aon mhí-úsáid nó aon aithris nó tabhairt chun cuimhne, fiú má shonraítear fíorthionscnamh an táirge nó má dhéantar an t-ainm faoi chosaint a aistriú, nó má chuirtear nath amhail ‘stíl’, ‘cineál’, ‘modh’, mar a tháirgtear’, ‘aithris’, ‘blas’ nó nasc éigin dá samhail leis.

52 Is léir ó Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(1)(b) den Rialachán sin gur céim riachtanach sa nós imeachta clárúcháin é ullmhú na sonraíochta táirge, agus ní mór do TGFC an chéim sin a chomhlíonadh. De bhun Airteagal 7(1)(a) den Rialachán sin, ní mór, go háirithe, an t-ainm a bhfuil cosaint á lorg ina leith, a chur san áireamh ‘mar a úsáidtear é, bíodh sé sin sa trádáil nó sa ghnáthchaint’.

53 Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i mír 36 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ní féidir ainm a chlárú mar TGFC má léirítear go ndéanann sé ainm atá cláraithe cheana féin mar ATFC a thabhairt chun cuimhne. Go deimhin, mar a mheabhraíonn an tAbhcóide Ginearálta i mír 75 dá Thuairim, ní mór go bhfágfadh clárú den sórt sin go mbeadh an chosaint a thugtar don ainm a cláraíodh roimhe sin neamhéifeachtach.

54 Cé go sonraítear in Airteagal 13(3) den Rialachán céanna go ndéanfaidh na Ballstáit cosc agus toirmeasc a chur ar úsáid ainmneacha a thagraíonn d’ainm atá cláraithe mar ATFC nó TGFC a tháirgtear nó a chuirtear ar an margadh ina gcríoch. Dá bhrí sin, ní féidir tabhairt chun cuimhne a shuí ach amháin tar éis do na húdaráis náisiúnta measúnú foriomlán a dhéanamh, lena n-áirítear gnéithe ábhartha uile an cháis (féach, de réir analaí, breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Comité Interprofessionnel du Vin de Champagne*, C-783/19, EU:C:2021:713, mír 60).

55 Mar sin féin, mar a mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta i mír 42 den breithiúnas atá faoi chonspóid, ceanglaítear le hAirteagal 50(1) de Rialachán Uimh.1151/2012 go bhfíoróidh an Coimisiún go gcomhlíonann an t-iarratas ar chlárú coinníollacha an Rialacháin sin.

56 Mar sin féin, sa mhéid nach gcomhlíonann ainm lena dtugtar chun cuimhne ainm atá cláraithe cheana féin in Airteagal 13(1)(b) de Rialachán Uimh. 1151/2012, ní féidir leis an t-ainm sin leas a bhaint as an gcosaint dá bhforáiltear sa Rialachán sin. Mar sin, maidir leis an gceanglas faoi Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 8(1)(b) den Rialachán sin, ar dá réir nach mór go mbeadh an t-ainm luaite sa sonraíocht a ghabhann leis an iarratas sin, 'mar a úsáidtear é, bíodh sé sin sa trádáil nó sa ghnáthchaint', is gá go dtugtar le tuiscint leis go n-úsáidfear é saor ó aon sárú ar fhorálacha an Rialacháin céanna.

57 Thairis sin, foráiltear go sonrach le hAirteagal 6(3) de Rialachán Uimh. 1151/2012, maidir le hainm a mholtar a chlárú atá comhainmneach go hiomlán nó go páirteach le hainm atá cláraithe cheana féin sa chlár a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán sin, ní féidir an t-ainm sin a chlárú, ach amháin má tá na coinníollacha úsáide áitiúla agus traidisiúnta agus cur i láthair an chomhainm a cláraíodh ina dhiaidh sin éagsúil go leor sa chleachtas ón ainm atá cláraithe cheana sa chlár. I gcomhréir leis an bhforáil sin, tá comhlíonadh na cosanta a dheonaítear d'ainm a cláraíodh roimhe sin ar cheann de na coinníollacha maidir le clárú a cheanglaítear ar an gCoimisiún a fhíorú faoi Airteagal 50(1) den Rialachán sin.

58 Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún, roimh cinneadh maidir le clárú a ghlacadh, fíorú go mbeidh an t-ainm a bhfuil iarratas ar clárú déanta ina leith gan dochar don chosaint as a dtarbhaíonn ainm eile atá cláraithe cheana féin, ar fud an Aontais.

59 Dá thoradh sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína chinneadh, i míreanna 36 agus 37 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nár mhór don Choimisiún, sa chás seo, fíorú nach sárófaí an úsáid sin an chosaint i gcoinne tabhairt chun cuimhne dá bhforáiltear in Airteagal 13(1)(b) de Rialachán Uimh. 1151/2012, ar cosaint í atá ag ainm atá cláraithe mar ATFC.

60 Ní dhéantar difear don chonclúid sin le hargóint na n-iarratasoirí ar dá réir go mbainfí an bonn, leis an measúnú sin ón gCúirt Ghinearálta, don cheist maidir leis an bprionsabal um chómhaireachtáil idir ainm atá cláraithe mar ATFC agus ainm atá cláraithe mar TGFC.

61 Mar sin, ar thaobh amháin, níl aon cheist ann go n-aithníonn an Chúirt go gcuirtear na prionsabail a forbraíodh i gcomhthéacs gach scéime cosanta i bhfeidhm ar bhonn cothrománach, d'fhonn cur i bhfeidhm comhsheasmhach fhorálacha dhlí an Aontais maidir le hainmneacha agus tásca geografacha a chosaint (breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Comité Interprofessionnel du Vin de Champagne*, C-783/19, EU:C:2021:713, mír 32).

62 Ar an taobh eile, d'fhéadfadh sé go mbeadh baol ann go dtabharfaí chun cuimhne beag beann ar an gcóras atá ag na hainmneacha atá cláraithe cheana féin agus an córas atá ag na hainmneacha dár iarraidh le haghaidh cláraithe. Mar sin, níl aon cheist ann go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'tabhairt chun cuimhne' cás ina n-áirítear leis an téarma a úsáidtear chun táirge a ainmniú cuid d'ainm atá faoi chosaint, ionas go mbeadh claonadh ag an tomhaltóir smaoineamh, mar íomhá thagartha, ar na hearraí a thagann faoi chosaint an cláraithe sin (breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Comité Interprofessionnel du Vin de Champagne*, C-783/19, EU:C:2021:713, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 Sna himthosca sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína chinneadh, i mír 39 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, ach raibh ann do bhaol easghairme idir ainm atá faoi chosaint mar ATFC agus na hainmneacha is iarrthóirí ar chlárú mar TGFC.

64 I gcás ina ndéanann na hiarratasóirí agóid i gcoinne mheasúnaithe na Cúirte Ginearálta, i míreanna 38 agus 39 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, maidir leis an gcomparáid idir na hainmneacha atá cláraithe mar ATFC agus na hainmneacha is iarrthóirí, ní mór a mheabhrú nach féidir na measúnuithe fíorasacha a thabhairt faoi cheist, ach amháin i gcás saobhadh ar na fíorais, le linn an achomhairc (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *EUIPO* v *Instituto dos Vinhos do Douro e do Porto*, C-56/16 P, EU:C:2017:693, mír 126). Ós rud é nár mhaígh na hiarratasóirí go raibh ann do shaobhadh den sórt sin, ní mór diúltú dá n-argóintí chuige sin toisc iad a bheith do-ghlactha.

65 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad fhoras achomhairc toisc é a bheith, go páirteach, gan bhunús agus, go páirteach, do-ghlactha.

An tríú saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

66 Leis an tríú saincheist dlí, maíonn na hiarratasóirí gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 51 de Rialachán Uimh. 1151/2012 agus prionsabal an dea-riaracháin trí dhiúltú aitheantas a thabhairt, i mír 76 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, don chaoi go gceanglaítear ar an gCoimisiún measúnuithe na n-údarás náisiúnta agus na gcúirteanna náisiúnta a chur san áireamh agus na hiarratais ar chlárú á scrúdú aige.

67 Maíonn an Coimisiún gur cheart diúltú don saincheist dlí sin.

Measúnú na Cúirte

68 Ar an gcéad dul síos, mar a cinneadh i mír 43 den bhreithiúnas seo, bhí an Chúirt Ghinearálta i dteideal a chinneadh go hiomlán go bhfuil lánrogha uathrialach ag an gCoimisiún agus iarratais ar chlárú á scrúdú aige.

69 Thairis sin, is léir ó Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh.1151/2012, go mbraitheann an Coimisiún, nuair a ghlacann sé gníomhartha cur chun feidhme lena diúltaítear d'iarratas ar chlárú, ar an ngrinnscrúdú a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 50(1) den Rialachán sin, agus 'ar bhonn na faisnéise atá ar fáil [dó]', ar gá an soiléiriú sin a bheith ann lena n-áirítear an fhaisnéis arna tarchur ag an mBallstát.

70 Mar sin féin, ní mor a chinneadh go maíonn na hiarratasóirí, i ndáiríre, faoi scáth a bheith ag maíomh nach ndearna an Coimisiún measúnuithe na n-údarás náisiúnta tráth a glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid i gcoinne phrionsabal an dea-riaracháin a chur san áireamh, nach raibh an Coimisiún faoi cheangal ag na measúnuithe sin agus dá thoradh sin, gur cheart dóibh clárú na n-ainmneacha arna iarraidh a cheadú. Mar sin féin, trasnaíonn an argóint sin an argóint a chuirtear chun cinn chun tacú leis an dara saincheist dlí, nár seasadh léi.

71 Ar an dara dul síos, téann na hiarratasóirí i gcoinne na measúnuithe arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun ar an mbaol go dtabharfaí chun cuimhne chun a dheimhniú gur dhiúltaigh an Coimisiún do na hiarratais ar chlárú, gan a thaispeáint, áfach, go ndearna an chúirt sin, agus an méid sin á dhéanamh aici, saobhadh ar chiall shoiléir na fianaise agus ar na fíorais.

72 Mar a meabhraíodh i mír 64 den bhreithiúnas seo, ní féidir na measúnuithe fíorasacha sin a thabhairt faoi cheist ag céim an achomhairc.

73 Dá thoradh sin, ní mór an tríú saincheist dlí a dhiúltú toisc go bhfuil sé go páirteach, gan bhunús agus, go páirteach, do-ghlactha.

An ceathrú saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

74 Leis an gceathrú saincheist dlí, maíonn na hiarratasóirí, ar an gcéad dul síos, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína chinneadh, i míreanna 88, 89 agus 94 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go bhfuil tabhairt chun cuimhne de réir bhrí Airteagal 13(1) (b) de Rialachán Uimh. 1151/2012 i gceist le comhchiallach idir dhá ainmniú. Mar sin, ní leor é comhchiallach na n-ainmniúchán amháin chun a chruthú go bhfuil baol ann go dtabharfaí chun cuimhne, agus ní féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh ach amháin ar bhonn measúnú foriomlán ar fhíorais an cháis arna leagan amach sa chomhad.

75 Ar an dara dul síos, i míreanna 78 agus 81 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, bhí an Chúirt Ghinearálta mícheart ag moladh measúnú ón gCoimisiún ar dá réir nach mbeidh ach daonra atá eolach go háirithe ar an eolas faoi na difríochtaí sa cháilíocht idir na táirgí a dhéantar a n-ainmneacha atá faoi chosaint mar ATFC agus táirgí a bhfuil a n-ainmneacha faoi réir iarratas ar chlárú mar TGFC. Mar sin, leis an difríocht idir praghas na dtáirgí lena mbaineann, cheadófaí do thomhaltóirí idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

76 Cuireann an Coimisiún i gcoinne na hargóinte sin.

Measúnú na Cúirte

77 Maidir leis an gcéad saincheist dlí, ní mór a thabhairt faoi deara gur mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 93 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, gur fiú a chur san áireamh, ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar an mbaol go dtabharfaí chun cuimhne, iomlán an ainm mar a cláraíodh é agus iomlán an ainm is iarrthóir ar chlárú.

78 Ós rud é gur mhaígh na hiarratasóirí ag an gcéad chéim nár cumhdaíodh leis an ngrinnscrúdú ar an tabhairt chun cuimhne ach amháin téarmaí geografacha na n-ainmneacha atá i gceist, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta ach cinneadh a dhéanamh, i mír 94 den bhreithiúnas seo, i bhfianaise chomhchiallach ghnéithe geografacha na n-ainmneacha lena mbaineann, dá seasfaí leis an argóint sin, is gá go dtabharfaí cinneadh um thabhairt chun cuimhne mar thoradh uirthi agus go bhfreastalódh sí ar an gcás a chuir na hachomharcóirí chun cinn. Dá bhrí sin, tá an chéad ghearán bunaithe ar léamh mhíchruinn de mhír 94 den bhreithiúnas sin.

79 Leis an dara saincheist dlí, cuireann na hiarratasóirí i leith na Cúirte Ginearálta gur dheimhnigh sí, i míreanna 78 go 81 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach mbeadh ach daonra atá eolach go háirithe ar an eolas faoi na difríochtaí sa cháilíocht idir na hainmneacha atá faoi chosaint mar ATFC agus na hainmneacha is iarrthóirí ar chlárú mar TGFC, cé nach mbeadh an difríocht sna praghasanna idir na táirgí atá faoi chonspóid ina léiriú ar an difríocht sa cháilíocht.

80 Ní mór a mheabhrú go mbunaítear baol go dtabharfaí chun cuimhne nuair a chruthaítear, le húsáid ainm, i gcuimhne an ghnáth-thomhaltóra Eorpaigh atá réasúnta eolach, géarchúiseach agus cúramach, nasc atá sách díreach agus soiléir idir an ainm sin agus an ATFC. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh nasc den sórt sin a bheith ann mar thoradh ar roinnt tosca, eadhon, go háirithe, ionchorprú páirteach an ainmniúcháin atá faoi chosaint, an nasc foghraíochta agus amhairc idir an dá ainm agus an chosúlacht a thagann dá bharr, agus fiú in éagmais na ngnéithe sin, an ghaireacht choincheapúil idir an ATFC agus an t-ainm atá faoi chonspóid, chomh maith le cosúlacht na dtáirgí a chumhdaítear faoin ATFC céanna sin agus na dtáirgí nó seirbhísí a chumhdaítear leis an ainm sin. Faoin measúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún, tá sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh iomlán na ngnéithe ábhartha a bhaineann le húsáid an ainm atá faoi chonspóid (breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Comité Interprofessionnel du Vin de Champagne*, C-783/19, EU:C:2021:713, mír 66).

81 Mar thoradh ar sin, bhí an ceart ag an gCúirt Ghinearálta a mheas, i mír 83 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach ionann an difríocht sna praghsanna idir na táirgí atá faoi chosaint mar ATFC agus na táirgí a dhéantar iarratas ar chosaint ina leith mar TGFC agus an t-aon cinntitheach amháin lena bhféadfadh an tabhairt chun cuimhne a dhíothú a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar mheasúnú ar na gnéithe a mheabhraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo.

82 In aon chás, trína mhaoímh go ndearna an Chúirt Ghinearálta an daonra a shainaithint ar cheart é a chur san áireamh chun aon bhaol go dtabharfaí chun cuimhne, féachann na hachomharcóirí, go bunúsach, le cinntí na Cúirte Ginearálta maidir le saintréithe an daonra ábhartha a thabhairt faoi cheist. Mar sin féin, leanann sé ó chásdlí socair go dtagann cinntí den sórt sin faoi réim na measúnuithe fíorasacha a bhfuil an Chúirt Ghinearálta amháin inniúil go heisiach chun iad a dhéanamh (ordú an 29 Deireadh Fómhair 2020, *Kerry Luxembourg* v *EUIPO*, C-305/20 P, EU:C:2020:882, mír 18 agus an cásdlí dá dtagraítear).

83 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don cheathrú saincheist dlí toisc í a bheith, go páirteach, neamhfheidhmiúil agus, go páirteach, do-ghlactha.

84 Ós rud é nár seasadh le haon cheann de na forais achomhairc, ní mór an t-achomharc a dhíbhe ina iomláine.

Costais

85 Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, a bhfuil feidhm acu maidir le hachomhairc de bhua Airteagal 184(1) den Rialachán sin, ní mór a ordú don pháirtí nár éirigh lena chuid foras na costais a íoc, más rud é go ndearna an páirtí eile é sin a iarraidh.

86 Ós rud é nár éirigh leis na hiarratasóirí, ní mór, ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu, ordú a thabhairt dóibh, chomh maith lena gcostais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra):

1. **Déantar an t-achomharc a dhiúltú;**

2. **Ordaítear do Cunsorziu di i Salamaghji Corsi – Consortium des Charcutiers Corses, Charcuterie Fontana, Costa et Fils, L'Aziana, Charcuterie Passoni, Orezza - Charcuterie la Castagniccia, Salaisons Réunies, Salaisons Joseph Pantaloni, Antoine Semidei agus L'Atelu Corsu, chomh maith lena gcostais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.**

Sínithe